Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Talmhaíochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Clár an Ábhair** **Leathanach**


Nóta maidir leis an scéim mharcála ........ 3

Achoimre ar leithroinnt na marcanna ........ 4

Nótaí Tacaíochta – Cuid 1 ........ 5

Nótaí Tacaíochta – Cuid 2 ........ 8

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge ........ 17


## Nóta maidir leis an Scéim Mharcála

Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil. Aon Scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chur chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

Déantar pointí ábhartha eolais a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.

Braitheann méid na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus sa chomhthéacs ceart agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní ceadmhach na marcanna a bhronnadh.

# Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna

## CUID 1 (120 Marc)

Freagair 15 cheist as 20. 8 marc in aghaidh na ceiste.

| | |
|---|---|
| **1.** | 3m + 3m + 2m |
| **2.** | 4m + 4m |
| **3.** | 4m + 4m |
| **4.** | 4m + 4m |
| **5.** | 4m + 4m |
| **6.** | 3m + 3m + 2m |
| **7.** | 4m + 4m |
| **8.** | 2 @ 4m |
| **9.** | 4m + 4m |
| **10.** | 4m (2 + 2) + 4m |
| **11.** | 4m + 4m |
| **12.** | 4m + 4m |
| **13.** | 4m + 4m |
| **14.** | 4m (2 + 2) + 4m |
| **15.** | 2 @ 4m (2 + 2) |
| **16.** | 3m + 3m + 2m |
| **17.** | 4m + 4m |
| **18.** | 4m (2 + 2) + 4m (2 + 2) |
| **19.** | 3m + 3m + 2m |
| **20.** | 2m + 2m + 2m + 2m |

## CUID 2 (200 Marc)

Freagair 4 cheist as 6. 50 marc in aghaidh na ceiste.

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **(a)(i)** | 8m (4 @ 2m) |
| | **(a)(ii)** | 8m (2 @ 4m) |
| | **(b)(i)** | 5m (3m + 2m) |
| | **(b)(ii)** | 5m |
| | **(b)(iii)** | 8m (2 @ 4m) |
| | **(b)(iv)** | 6m (3m + 3m) |
| | **(c)** | 10m (5m + 5m) |
| **2.** | **(a)** | 16m (4 @ 4m) |
| | **(b)** | 9m (3 @ 3m) |
| | **(c)** | 15m (5m + 10m) |
| | **(d)** | 10m (5m + 5m) |
| **3** | **(a)** | 10m (2 @ 5m (3+2) |
| | **(b)** | 10m (2 @ 5m) |
| | **(c)** | 5m (3m + 2m) |
| | **(d)** | 10m (2 @ 5m) |
| | **(e)** | 15m (3 @ 5m) |
| **4.** | **(a)** | 15m (3 @ 5m) |
| | **(b)** | 10m (5m +5m) |
| | **(c)** | 15m (3 @ 5m) |
| | **(d)** | 10m (5m + 5m) |
| **5.** | **(a)** | 16m (2 @ 8m (4 + 4)) |
| | **(b)** | 10m (5 @ 2m) |
| | **(c)(i)** | 12m (3 @ 4m (2 + 2) |
| | **(c)(ii)** | 12m (3 @ 4m (2 + 2) |
| **6.** | **(a)(i)** | 5m (3m + 2m) |
| | **(a)(ii)** | 10m (2 @ 5m (3+2)) |
| | **(a)(iii)** | 10m (2 @ 5m) |
| | **(b)(i)** | 5m (3m + 2m) |
| | **(b)(ii)** | 10m (2 @ 5m (3+2)) |
| | **(b)(iii)** | 10m (2 @ 5m) |

# Nótaí Tacaíochta

## CUID 1 (120 Marc)

Freagair 15 cheist as 20. 8 marc in aghaidh na ceiste.

| CUID 1 | | |
|---|---|---|
| **1.** | **(i)** Sóisialta<br>**(ii)** Gann<br>**(iii)** Malartach | 3<br>3<br>2 |
| **2.** | **(i)** Boilsciú<br>**(ii)** Ag ardú | 4<br>4 |
| **3.** | **(i)** Tógáil eallaigh / stoc tirim beithíoch / déiríocht / curadóireacht / foraoiseacht / gabhair<br>**(ii)** Bronn 4 mharc ar na hiarrthóirí go léir as an bpáirt seo.* | 4<br>4 |
| **4.** | **(i)** Leaisteach<br>**(ii)** Sóchais | 4<br>4 |
| **5.** | **(i)** Sócmhainní<br>**(ii)** Dliteanais | 4<br>4 |
| **6.** | **A/B** Ionchuir cheannaithe / A n-acmhainní féin [*ord ar bith*]<br>**C** Aschur bainne | 3 + 3<br>2 |
| **7.** | **(i)** Méadú<br>**(ii)** Gan athrú | 4<br>4 |
| **8.** | *Dhá cheann ar bith díobh seo a leanas:*<br>• Ceannach / díolacháin talún<br>• Léasú fadtéarmacha<br>• Oidhreacht<br>• Comhpháirtíochtaí teaghlaigh feirme<br>• Feirmeoireacht i bpáirt | 2 @ 4m |
| **9.** | **(i)** Bun<br>**(ii)** An Roinn Talmhaíochta [Bia agus Mara] | 4<br>4 |

* I dtaca le Cuid 1, Ceist 3(iii) de, níl úsáid an téarma 'earra comhlántach' sa cheist seo bailí sa chomhthéacs seo. Da bhrí sin, bronnadh 4 mharc ar na hiarrthóirí go léir as an bpairt seo den cheist. Ní raibh aon iarrthóir faoi bhuntáiste dá thoradh sin.

| CUID 1 | | |
|---|---|---|
| **10.** | **(i)** Líon iomlán na ndaoine atá ag obair (go páirtaimseartha nó go lánaimseartha) móide líon na ndaoine atá dífhostaithe.<br>**(ii)** Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh (QNHS) | 2 + 2<br><br>4 |
| **11.** | **(i)** Sócmhainneacht<br>**(ii)** I gclár comhardaithe | 4<br>4 |
| **12.** | **(i)** Ceangailteach<br>**(ii)** Neamhcheangailteach | 4<br>4 |
| **13.** | **(i)** 5 aonad<br>**(i)** 9 n-aonad | 4<br>4 |
| **14.** | **(i)** Tarlaíonn stocaireacht pholaitíochta nuair a dhéanann grúpaí sainleasa ar nós eagraíochtaí feirmeoirí iarracht tionchar a imirt ar bheartas nó ar chinntí an rialtais ina bhfabhar féin. D'fhéadfaí stocaireacht a dhéanamh trí chruinnithe, le hidirbheartaíocht nó comhráite eile le hairí an rialtais, le hionadaithe nó oifigigh phoiblí.<br>**(ii)** *Ceann ar bith díobh seo a leanas:*<br>• Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)<br>• Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA)<br>• Macra na Feirme<br>• Cumann Feirmeoirí Eallaigh agus Caorach na hÉireann (ICSA) | 2 + 2<br><br>4 |
| **15.** | *Dhá cheann ar bith díobh seo a leanas:*<br>• Praghas bisigh i gcomhair táirge le dearbhú cáilíochta<br>• Bíonn an margadh dá dtoradh níos cinnte.<br>• Tacaíocht agus oiliúint chun caighdeáin cháilíochta a choinneáil ar an bhfeirm<br>• Scéimeanna gradam do na caighdeáin is airde a bhaintear amach | 2 @ 4m<br>(2 + 2) |
| **16.** | **(i)** Fíor<br>**(ii)** Bréagach<br>**(iii)** Fíor | 3<br>3<br>2 |
| **17.** | **(i)** 8%<br>**(ii)** 13% | 4<br>4 |


| CUID 1 | | | |
|---|---|---|---|
| **18.** | **(i)** | Is é deischostas gníomhaíochta luach na chéad rogha malartaí eile is fearr a chaithfear a íobairt chun an ghníomhaíocht sin a dhéanamh. | 2 + 2 |
| | **(ii)** | Más é cruithneacht gheimhridh a tháirgeadh an chéad rogha mhalartach eile is fearr d'fheirmeoir déiríochta, is é an deischostas in aghaidh an heicteáir don fheirmeoireacht dhéiríochta an brabús in aghaidh an heicteáir nach dtuillfidh an feirmeoir toisc nach bhfuil cruithneacht gheimhridh á táirgeadh aige. | 2 + 2 |
| **19.** | **X.** | Muca | 3 |
| | **Y.** | Caoirigh | 3 |
| | **Z.** | Eallach | 2 |
| **20.** | **(i)** | Airgead tirim / féichiúnaithe / costais réamhíoctha / beostoc nach bhfuil ag pórú | 2 |
| | **(ii)** | Creidiúnaithe / costais fhabhraithe / rótharraingt bhainc | 2 |
| | **(iii)** | Talamh / foirgnimh feirme / innealra feirme / beostoc pórúcháin | 2 |
| | **(iv)** | Iasacht bhainc / foirmeacha eile d'fhiachas fadtéarmach agus íocaíochtaí neamh-athfillteacha nach bhfuil le híoc taobh istigh de bhliain amháin ón dáta ar an gClár Comhardaithe | 2 |

## CUID 2 (200 Marc)

Freagair 4 cheist as 6. 50 marc in aghaidh na ceiste.

<table>
<tr><th colspan="2">CUID 2: Ceist 1</th></tr>
<tr><td>

**(a)(i) & (ii)**




</td><td>

P-ais – 2m<br>Q-ais – 2m<br>S1 - 2m<br>D1 - 2m<br><br>P1 - 4m<br>Q1 - 4m


</td></tr>
<tr><td>

**(b)(i)** *Ceann ar bith díobh seo a leanas:*

- Méadú sa daonra
- Méadú ar ioncam
- Níos mó dúile sa bhainne / tosaíocht i leith an bhainne
- Níos mó éilimh ar earra comhlántach [m.sh. gránaigh bhricfeasta]
- Éileamh níos lú ar earra ionaid [m.sh. sú torthaí]

</td><td>5m (3 + 2)</td></tr>
<tr><td>

**(b)(ii) & (iii)**




</td><td>

D2 - 5m<br><br>P2 - 4m<br>Q2 - 4m

</td></tr>
<tr><td>

**(b)(iv)** Má thagann méadú ar an éileamh ar bhainne beidh méadú ar mhéid an bhainne a thairgtear san AE dá bharr agus méadóidh praghas margaidh an bhainne san AE.

</td><td>6m (3 + 3)</td></tr>
</table>

| CUID 2: Ceist 1 | | |
|---|---|---|
| **(c)** | Agus deireadh curtha le cuótaí bainne, bheifí ag súil lei sgo spreagfadh sé sin táirgeoirí bainne le níos mó bainne a thairgeadh ar aon phraghas ar leith. Níl ar thairgeoirí bainne cloí le teorainneacha an AE a thuilleadh. Bheifí ag súil leis go mbogfadh cuar soláthair an mhargaidh i gcomhair bainne san AE ar dheis agus, mura n-athróidh coinníollacha an éilimh ar an mbainne, tiocfaidh méadú ar mhéid an bhainne a thairgtear agus titfidh praghas an bhainne dá bharr. | 10m (5 + 5) |

| **CUID 2: Ceist 2** | | | |
|---|---|---|---|
| **(a)** | **A** (Ioncam breise) | Díolachán bainne / díolachán laonna | 4 |
| | **B** (Costais choigilte) | Ceannachán síl eorna / ceannachán leasúcháin agus táirgí chun na barra a chosaint / conraitheoir nó costais an fhómhair | 4 |
| | **C** (Costais bhreise) | Cothú a cheannach / lucht oibre ócáideach / costais tréidlia / trealamh blite | 4 |
| | **D** (Ioncam tarscaoilte) | Díolachán eorna / díolachán tuí eorna | 4 |
| **(b)** | **X** (Iomlán na ngnóthachan) | 20,000 + 5,000 = €25,000 | 3 |
| | **Y** (Iomlán na gcaillteanas) | 10,000 + 8,000 = €18,000 | 3 |
| | **Z** (Gnóthachan / Caillteanas Glan) | 25,000 – 18,000 = €7,000 | 3 |
| **(c)** | *Ar chóir don fheirmeoir dul ar aghaidh leis an athrú molta ar a chóras feirmeoireachta?*<br>Ba chóir.<br>*Míniú:*<br>Beidh gnóthachan glan €7,000 ann má athraíonn an feirmeoir, mar tá luach iomlán na ngnóthachan an méid sin níos mó ná luach iomlán na gcaillteanas. | | 5m<br>10m (5 + 5) |
| **(d)** | *Ceann ar bith díobh seo a leanas:*<br>• An bhfuil an lucht oibre rialta ar fáil don fheirmeoir a bheadh ag teastáil le freastal ar thréad bó bainne níos mó?<br>• An mbeidh an t-am ag an bhfeirmeoir chun tréad bó bainne níos mó a bhainistiú?<br>• An bhfuil baol ann don fheirmeoir agus é ag speisialú i bhfiontraíocht feirme amháin?<br>• An bhfuil na páirceanna féaraigh don tréad bó bainne níos mó gar don chlós feirme agus don bhleánlann?<br>• An bhfuil bóithre na feirme agus córas soláthair an uisce oiriúnach do thréad bó bainne níos mó?<br>• An bhfuil dóthain spáis tithíochta ann go mbeadh gach bó sa tréad bó bainne níos mó sláintiúil?<br>• An mbeidh aon athrú ar lorg carbóin an fheirmeora?<br>• Buntáistí maidir le glansreabhadh airgid mar thoradh ar tháirgeadh déiríochta (seachas eorna)<br>• Spleáchas níos mó ar chónaitheoirí seachtracha chun eorna a tháirgeadh (seachas déiríocht) | | 10m (5 + 5) |

| CUID 2: Ceist 3 | | | |
|---|---|---|---|
| **(a)** | **A** Iomlán na gCostas Seasta.<br>Fanann costais sheasta mar an gcéanna beag beann ar an leibhéal aschuir. | | 5m (3 + 2) |
| | **B** Iomlán na gCostas Athraitheach<br>Méadaíonn na costais athraitheacha de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal aschuir | | 5m (3 + 2) |
| **(b)** | *Athraitheach:* | Cothú a ceannaíodh / Lucht oibre ócáideach / speansais tréidliachta / iompar / leasacháin | 5 |
| | *Seasta:* | Árachais / costais chuntasóireachta / carr agus teileafón / lucht oibre rialta / táillí an údaráis áitiúil / aisíocaíochtaí bainc / leictreachas | 5 |
| **(c)** | Is é is ioncam iomlán ann luach airgid an mhéid bainne a dhíoltar ón bhfeirm leis an margadh. Is é atá ann toradh an aschuir iarbhír (ina lítear) iolraithe faoi phraghas an mhargaidh (ina € in aghaidh an lítir). | | 5m (3 + 2) |
| **(d)(i)** | Agus an t-aschur cothrom le nialas, ní dhíolann an feirmeoir aon rud agus tá an t-ioncam cothrom le nialas mar sin. | | 5 |
| **(d)(ii)** | Ardaíonn costais sheasta fiú mura bhfuil aon aschur ann ón bhfeirm. | | 5 |
| **(e)(i)** | Is é Q2 an leibhéal aschuir a thugann an brabús is mó is féidir. | | 5 |
| **(e)(ii)** | Is é Q1 nó Q3 an t-aschur ar leibhéal meá ar mheá. | | 5m (3 + 2) |
| **(e)(iii)** | Aon leibhéal aschuir faoi Q1 nó aon leibhéal aschuir níos mó ná Q3. | | 5m (3 + 2) |

| CUID 2: Ceist 4 | |
|---|---|
| **(a)** *Trí cinn ar bith díobh seo a leanas:*<br>• Talamh<br>• Innealra feirme<br>• Foirgnimh feirme do na hainmhithe<br>• Beostoc pórúcháin<br>• Áiseanna stórála fodair<br>• Áiseanna chun dramhaíl feirme a stóráil nó a chóireáil<br>• Saoráidí blite<br>• Stóráil gráin<br>• Áiseanna triomúcháin<br>• Bóithre feirme<br>• Soláthar uisce don fheirm | 15m<br>(3 @ 5m) |
| **(b)** Ach oiread le haon ghnólacht eile, ní mór don fheirmeoireacht tráchtála dul chun cinn a dhéanamh. Beidh níos mó infheistíochta caipitiúla de dhíth ar fheirmeoir atá ag iarraidh aschur a mhéadú.<br>Tá an teicneolaíocht agus eolas daoine ag dul i bhfeabhas i gcónaí, agus beidh buntáistí na hinfheistíochta le feiceáil ag feirmeoirí i dtéarmaí éifeachtúlachta agus rialú costais.<br>Bíonn freagrachtaí móra ag feirmeoirí don timpeallacht agus tá infheistíocht leanúnach ag teastáil anseo chomh maith.<br>Is gnách go laghdaíonn infheistíocht chaipitiúil bhreise an t-éileamh ar bhreis ionchuir saothair ar an bhfeirm, saothar an fheirmeora san áireamh.<br>Ina theannta sin, beidh foirmiú caipitil ag teastáil chun leas a bhaint as deireadh na gcuótaí bainne agus teacht chun cinn margadh nua i gcomhair táirgí talmhaíochta na hÉireann. | 10m (5 + 5) |

**CUID 2: Ceist 4**

**(c)** *Ceann ar bith de na foinsí seo a leanas:*

| *Foinse* | *Buntáiste* | *Priacal* | |
|---|---|---|---|
| A gcuid airgid féin | Uathriail / buntáistí cánacha féideartha / uainiúchán na hinfheistíochta de réir mar is gá / roinnt cumhachta margála leis an soláthraí | Moill ar chistí a bhailiú / droch-chinntí mura bhfaigheann an feirmeoir aon chomhairle maidir leis an infheistíocht / d'fhéadfadh sé go mbeidh éilimh eile ar a n-airgead féin le séanadh | 5m<br>+ 5m (3 + 2)<br>+ 5m (3 + 2) |
| Iasacht bhainc | Ní theastaíonn na cistí uile ag an tús / cabhraíonn intuarthacht na n-íocaíochta amach anseo le buiséadú sreabhadh airgid / tugtar spreagadh don fheirmeoir le cinntiú go n-oibreoidh an infheistíocht chun gur féidir na híocaíochtaí a dhéanamh | Bíonn moill agus rómhaorlathas i gceist nuair atáthar ag déanamh iarratais ar iasacht / d'fhéadfaí diúltú leis an iarratas don iasacht / costasach / b'fhéidir nach mbeidh an feirmeoir in ann an iasacht a fhoirceannadh má tá sé ag iarraidh an tsócmhainn a dhíol | |
| Léasú | Cosúil le hiasacht ó bhanc / d'fhéadfadh go mbeadh an gnólacht léasa freagrach as cothabháil na sócmhainne / d'fhéadfadh foráil a bheith i gcomhaontú an léasa chun an téarma a ghearradh nó a stopadh roimh am ionas go mbeifí in ann caipiteal eile atá níos nua a fháil | Ní leis an bhfeirmeoir an tsócmhainn go dtí go ndéanfar an íocaíocht deiridh / d'fhéadfaí diúltú leis an iarratas ar son léasa / costasach | |

**(d)** *Ceann ar bith díobh seo a leanas:* — 10m (5 + 5)

- Ladrainn a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar bheostoc agus ar fhálú (sábhálann sé seo am agus saothar)
- Trealamh tástála ithreach a úsáid (chun riachtanais chothaitheacha na hithreach i bpáirceanna áirithe a aithint)
- Saoráidí blite uathoibrithe (chun am agus saothar a shábháil agus níos mó bó sa tréad)
- Bainistíocht fodair a rialú le ríomhaire (sábháiltear am agus bíonn beathú na n-ainmhithe níos éifeachtaí)
- Taifead uathoibrithe ar fheidhmíocht an ainmhí (faightear eolas tráthúil cruinn a chabhraíonn le cinntí a dhéanamh go tapa)
- Aipeanna guthán póca (réamhaisnéis aimsire, bainistíocht sonraí / taifid a choimeád agus anailís airgeadais / theicniúil a dhéanamh)
- Scaipeadh eolais ar an idirlíon

| **CUID 2: Ceist 5** | |
|---|---|
| **(a)** Is é is 'Ionchuir de Tosca Táirgeachta' ann ná an talamh, an saothar, an caipiteal, agus an fiontraíocht/bainistíocht a úsáidtear san fheirmeoireacht, cibé acu is leis an bhfeirmeoir féin iad nó a cheannaítear iad. | 8m (4 + 4) |
| Is é is 'Ionchuir Idirmheánacha' ann ná táirgí tionscal eile a úsáidtear in earnáil na feirmeoireachta. Is earraí agus seirbhísí iad sin nach dtáirgtear mar earraí deiridh tomhaltais, e.g. cothú a cheannaítear, agus leasúcháin | 8m (4 + 4) |
| **(b)(i)** **A** (Bia grán-bhunaithe d'ainmhithe)<br>**(b)(ii)** **C** (Díosal)<br>**(b)(iii)** **B** (Leasacháin)<br>**(b)(iv)** **C** (Seirbhísí cuntasaíochta)<br>**(b)(v)** **B** (Táirgí cosanta barr) | 10m (5 @ 2m) |

**(c)**

| *Sraith* | *An treocht fhoriomlán sa phraghas* | *Luaineacht praghais* | |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | Méadú leanúnach ar na fíorphraghsanna agus ráta an mhéadaithe níos airde sa dara leath den tréimhse. Faoin mbliain 2014 bhí siad níos mó ná 30% ní b'airde ná 2005. | Tháinig méadú leanúnach ar na fíorphraghsanna ach amháin laghdú beag sa bhliain 2008 agus 2010. Ba bheag an luaineacht a bhí ann go ginearálta. | 4m (2 + 2) + 4m (2 + 2) |
| Leasacháin | Athruithe neamhrialta sna fíorphraghsanna ach iad ag dul suas go ginearálta. Faoin mbliain 2014 bhí na fíorphraghsanna beagnach 50% ní b'airde ná 2005. | An-luaineach agus méadú 70% ann sa bhliain 2008. Aisiompaíodh an borradh seo sna fíorphraghsanna méid áirithe le laghdú in 2009 agus in 2010. Tá meath ar na fíorphraghsanna ó 2012. | 4m (2 + 2) + 4m (2 + 2) |
| Speansais tréidliachta | Níor athraigh na fíorphraghsanna mórán idir 2005 agus 2014. | Bhí na fíorphraghsanna mar an gcéanna ó bhliain go bliain den chuid is mó i.e. níl mórán luaineachta ann. | 4m (2 + 2) + 4m (2 + 2) |

| CUID 2: Ceist 6 | |
|---|---|
| **(a)(i)** Is é **Teagasc** an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia in Éirinn. Is é an príomhchuspóir atá ag Teagasc ná tacaíocht a chur ar fáil agus nuálaíocht a spreagadh in earnáil an agraibhia, bunaithe ar an eolaíocht, ionas go mbeidh an earnáil brabúsach agus inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de. | 5m (3 + 2) |
| **(a)(ii)** *Dhá cheann ar bith díobh seo a leanas:*<br>• Taighde a dhéanamh in ionaid taighde éagsúla ar tháirgeadh talmhaíochta, caomhnú comhshaoil, próiseáil bia, eacnamaíocht, agus ar fhorbairt gnó<br>• Seirbhís chomhairleach a chur ar fáil d'fheirmeoirí<br>• Oiliúint a chur ar fáil i gcoláistí talmhaíochta do dhaoine atá ag iarraidh a bheith ina bhfeirmeoirí<br>• Oiliúint a chur ar fáil d'fheirmeoirí trí chúrsaí, grúpaí díospóireachta, cruinnithe, siúlóidí feirme, etc. a sholáthar | 2 x 5m (3 + 2) |
| **(a)(iii)** Is féidir le feirmeoirí a bhfeirmeacha a dhéanamh níos brabúsaí agus níos iomaíche, mar aon lena bheith aireach ar an timpeallacht, ach sheirbhísí Teagaisc a úsáid. Is féidir le feirmeoirí oideachas foirmiúil ar an talmhaíocht a fháil chomh maith le comhairle leanúnach le tacú lena ngnó. Ina theannta sin, is féidir le feirmeoirí foghlaim faoi na forbairtí is déanaí san fheirmeoireacht ó na meáin éagsúla a úsáideann Teagasc chun eolas a scaipeadh. Tacaíonn na cláir thaighde ar bhia a dhéanann Teagasc le forbairt thionscal bia na hÉireann ag féachaint leis an éileamh ar tháirgí feirme na hÉireann a mhéadú. | 2 x 5m |

| CUID 2: Ceist 6 | |
|---|---|
| **(b)(i)** Bord bia na hÉireann is ea **Bord Bia**. Is gníomhaireacht stáit atá ann agus is é an príomhchuspóir atá aici ná díolacháin bhia agus ghairneoireachta na hÉireann a chur chun cinn thar lear agus in Éirinn. | 5m (3 + 2) |
| **(b)(ii)** *Dhá cheann ar bith díobh seo a leanas:*<br>• An Scéim um Dhearbhú Cáilíochta náisiúnta don bhia a oibriú<br>• Tacaítear le feirmeacha agus le táirgeadh bia atá neamhdhíobhálach don chomhshaol tríd an tionscnamh *Origin Green*.<br>• Tacaítear le gnólachtaí bia nua agus le gnólachtaí atá ann cheana trí scéimeanna éagsúla<br>• Déantar margaíocht ar bhia agus ar ghairneoireacht na hÉireann thar lear<br>• Déantar monatóireacht ar athruithe ar phraghas an bhia agus ar phraghas tráchtearraí mar sheirbhís d'fheirmeoirí agus do tháirgeoirí bia<br>• Cuirtear bia na hÉireann chun cinn le taispeántais agus trí oidis a sholáthar<br>• Tacaítear le garraíodóireacht amaitéarach trí eolas a chur ar fáil agus trí imeachtaí ar nós *Bloom* a reáchtáil. | 2 x 5m (3 + 2) |
| **(b)(iii)** Baineann feirmeoirí leas as praghsanna bisigh agus as margaí cobhsaí dá dtáirgí má ghlacann siad páirt sa Scéim um Dhearbhú Cáilíochta. Coinníonn Bord Bia feirmeoirí ar an eolas ar gheall ar an treocht is déanaí sna praghsanna ar thráchtearraí. Tugann Bord Bia sainchomhairle maidir le margaí feirmeoirí a bhunú chomh maith. Ba cheart go mbeadh éileamh níos mó ar tháirgí feirmeoirí agus gairneoirí na hÉireann de réir mar a éiríonn le Bord Bia bia na hÉireann a chur chun cinn. | 2 x 5m |

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

*Tábla 320 @ 10%*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán